Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2024

Staidéar Gnó

Aonad 3: Gnólacht a Phleanáil

Leabhrán Freagraí Iarrthóra A: Pleanáil

Tasc Measúnaithe Rialaithe

[GBU31]

BAILÍ Ó MHEITHEAMH 2023 – BEALTAINE 2024

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo. Ba chóir duit eolas a chur ar inneachar an chás-staidéir seo agus na tascanna taighde faoi iamh a chur i gcrích.

Tá **12** uair an chloig agat le do chuid taighde a dhéanamh lena n-áirítear Leabhrán A a chomhlánú.

Beidh ort tuairisc struchtúrtha a scríobh, ag baint úsáid as an taighde atá déanta agat, mar chuid den tasc measúnaithe rialaithe.

Tá cead agat páipéar breise a iarraidh ar do mhúinteoir más gá.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é **15** an t-uasmharc atá ar fáil do do chuid taighde.

Pléifidh an tasc leis na réimsí seo a leanas den tsonraíocht:
Gnólacht a Chruthú (Príomh-shaintréithe fiontraithe agus Úinéireacht ghnólachta), Margaíocht (Seirbhís do chustaiméirí), Oibríochtaí Gnó (Modhanna déantúsaíochta) agus Airgeadas (Cóimheá).

Ní dhéanfar measúnú ar chaighdeán na cumarsáide scríofa sa taighde.

Uimhir Ranna	Marc an Mhúinteora
1	
2	
3	
4	
5	
Taighde	

Ainm an Iarrthóra: _____

Síniú an Iarrthóra: _____ Dáta: _____

Síniú an Mhúinteora: _____ Dáta: _____

Cás-Staidéar Réamheisiúna

Tá a gnólacht féin ag Michelle, *Michelle's Sweet Treats*, a bhunaigh sí féin, agus díolann sí caife ceardaí agus a cuid sólaistí speisialtachta baile féin. Is as leantóir athchóirithe lónadóireachta taistil a dhéanann sí seo, rud a thugann sí léi chuig suíomhanna éagsúla timpeall na tíre.

Déanann Michelle na sólaistí ina mbaisceanna agus tá suim aici sna dóigheanna difriúla a dtiocfadh lena gnólacht seirbhís do chustaiméirí a chur ar fáil. Ar a bharr sin, ba mhaith léi a fhios a bheith aici cén fáth a gcuireann an rialtas an fhiontraíocht chun cinn.

Le go dtig le Michelle a gnólacht a fhorbairt, tá sé beartaithe aici taighde a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- cineálacha úinéireachta gnólachta
- na dóigheanna difriúla a gcuireann eagraíochtaí seirbhís do chustaiméirí ar fáil
- baiscdhéantúsaíocht a luacháil
- an fáth a gcuireann an rialtas an fhiontraíocht chun cinn
- cóimheá a ríomh agus cairt chóimheá a lipéadú

Tasc Taighde lena n-áirítear Leabhrán A a chomhlánú (12 uair an chloig)

(NB An t-am a leithdháiltear don tasc taighde, ní áirítear leis sin an t-am a ghlacann sé ceistneoirí a chomhlánú, mar shampla).

Tá iarrtha ort cuidiú le Michelle taighde a dhéanamh ar phlean dá gnólacht lónadóireachta taistil amach anseo.

Comhlánaigh na tascanna a leanann.

Tá cead agat leathanaigh bhreise a cheangal den leabhrán, más gá, ag cinntiú go bhfuil siad lipéadaithe go soiléir agat de réir an taisc atá i gceist agus gur mar aguisíní atá siad ann.

Ní éilítear ar iarrthóirí plean gnó comhlánaithe a chruthú, ach ba chóir go leanfadh siad na tascanna atá leagtha amach i Leabhrán A agus i Leabhrán B mar threoir.

Roinn 1: Aidhm

Luaigh go soiléir aidhm do chuid taighde.

Roinn 2: Plean Gníomhaíochta

Déan Plean Gníomhaíochta do do chuid taighde.

Tá cead agat an tábla seo a leanas a úsáid, nó tá cead agat leagan de do chuid féin a chur leis an leabhrán mar aguisín.

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

Gníomhaíochtaí	Spriocdhátaí Pearsanta	Loga Oibre ar Dhul Chun Cinn

Roinn 3: Taighde Príomhúil

Dear foirm a bheidh cuí faoi choinne taighde phríomhúil agus a bhainfear úsáid aisti le faisnéis a bhailiú a bheidh úsáideach do Michelle maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

- an cineál úinéireachta gnólachta
- na dóigheanna difriúla a gcuireann eagraíochtaí seirbhís do chustaiméirí ar fáil
- an luacháil ar bhaiscdhéantúsaíocht
- an fáth a gcuireann an rialtas an fhiontraíocht chun cinn
- faisnéis ar bith eile a fháil a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do ghnólacht lónadóireachta taistil Michelle, dar leat.

Tá cead agat do chuid taighde phríomhúil a dhearadh agus/nó a dhéanamh i mbeirteanna, i ngrúpaí beaga nó i d'aonar, más fearr leat. Is féidir ceistneoir a chomhlánú ar pháipéar nó trí shuirbhé ar líne a úsáid.

Cé acu a úsáidtear ceistneoir nó agallamh le faisnéis a bhailiú nó nach n-úsáidtear, ní mór do gach dalta a bheith ábalta an méid a rinne siad **féin** i dtaca leis na ceisteanna don agallamh/ cheistneoir **agus** i dtaca le próiseas bailithe na faisnéise a léiriú. Ba chóir dóibh an méid sin a lua de réir mar is cuí ina gcuid doiciméad taighde.

Cuir na rudaí seo a leanas le Leabhrán A mar aguisín:

- dréachtchóip **de do chuid féin** den méid a rinne tú féin i dtaca leis na ceisteanna taighde
- **aon** chóip fholamh **amháin** de na ceisteanna deiridh atá roghnaithe agat
- **aon** chóip **amháin** de na torthaí atá tiomsaithe agat ó do rogha modh taighde phríomhúil

Ní gá **gach** ceistneoir comhlánaithe a bheith ann.

Cuir na torthaí i láthair ar dhóigh chuí ag baint úsáid as réimse teicnící cur i láthair, agus d'fhéadfadh úsáid an TFC (*ICT*) a bheith ina measc sin. Déan cinnte go ndéanann tú léaráidí ar bith a anótáil de réir mar is cuí, mar beidh sé seo ina chuidiú agat agus tú ag comhlánú Leabhrán B.

Roinn 4: Taighde Tánaisteach

Caithfidh Michelle costais éagsúla dá gnólacht lónadóireachta taistil a fhiosrú. Déan taighde ar na costais seo a leanas agus mol réitigh fhóirsteanacha maidir leis na soláthraithe ime agus na soláthraithe páipéir ghréiscdhíonaigh is éifeachtaí ó thaobh costais de. Sainaithin sonraí cuí do gach earra, atá liostaithe thíos, chomh maith leis na costais iomlána in aghaidh na míosa agus in aghaidh na bliana do *Michelle's Sweet Treats*.

Ba chóir duit asphriontaí de na hearraí seo a chur leis an leabhrán mar aguisín, ag aibhsiú a gcostais.

Costas	**Réiteach Fóirsteanach**	**Costas Iomlán in aghaidh na Míosa £**	**Costas Bliantúil Iomlán £**
Im (500 g)	(Sonraí an tsoláthraí) (Costas an 500 g d'im)	(Fiche a cúig 500 g d'im in aghaidh na míosa)	
Páipéar gréiscdhíonach (rolla 25 m)	(Sonraí an tsoláthraí) (Costas an rolla 25 m de pháipéar gréiscdhíonach)	(Ceithre rolla 25 m in aghaidh na míosa)	
	Costais Iomlána		

Tabhair do d'aire: I **Leabhrán B: Cuir torthaí in iúl** - cuirfear sonraí airgeadais ábhartha eile ar fáil duit a bhaineann le *Michelle's Sweet Treats*.

Ba chóir duit úsáid a bhaint as modhanna taighde thánaistigh fosta le taighde a dhéanamh ar na réimsí seo a leanas maidir le cuidiú a thabhairt do Michelle lena gnólacht lónadóireachta taistil.

- Úinéireacht ghnó gnólachta (trádálaí aonair)
- Seirbhís do chustaiméirí (na dóigheanna difriúla a gcuireann eagraíochtaí seirbhís do chustaiméirí ar fáil)
- Modhanna déantúsaíochta (baiscdhéantúsaíocht)
- Na príomh-shaintréithe i bhfiontraithe (an fáth a gcuireann an rialtas an fhiontraíocht chun cinn), agus
- Cóimheá (cóimheá a ríomh agus cairt chóimheá a lipéadú).

Roinn 5: Riachtanais Faisnéise

Déan taighde tánaisteach cuí agus cuir do thorthaí i láthair. Cuir na torthaí leis an leabhrán mar aguisín.

Ba chóir duit an Loga Taighde seo a leanas a chomhlánú.

Cén fhaisnéis atá de dhíth ort?	**Cá bhfuair tú an fhaisnéis seo?** (Ní mór gach foinse a thaifead go soiléir, m.sh. má tá tú ag úsáid an idirlín, luaigh seoladh an tsuímh gréasáin)